



An RIC i Ros Muc

Sa bpictiúr seo tá John Feeley as an Nua Shéalainn lena bhean céile Elizabeth. Tógadh an pictiúr i mí Meán Fómhair 2000, ag beairic na nGardaí sa nGort Mór. Tháinig John ar cuairt ar Ros Muc toisc go raibh a athair (John Feeley freisin), ag obair ann ó 1913-1920 mar Choll den R.I.C. Aistríodh go dtí an Mám é i 1920 agus bhí sé ar dhuine den RIC a déanadh ionsaí orthu ag 'Teachín na bPrayers' i nDoire Bhainbh ar an 6 Aibreán 1921. Gortaíodh Feeley sa ngualainn agus fuair duine eile den RIC — Parsons — bás níos déanaí de bharr na ngortaithe a fuair sé fhéin san ionsaí sin. Sa bpictiúr de sheanbheairic an RIC sa nGort Mór (1915), feictear John Feeley ar dheis. Ceaptar gurbh iad an triúr eile atá sa bpictiúr, ó chlé, an Sáirsint Flemming, Parsons (b'fhéidir) agus Hodgekins. Tá gairdín bláthanna sa gcúlra agus bhíodh bean darbh ainm Mary O'Neill ag tabhairt aire dhó. Nuair a scoireadh an RIC chuaigh Feeley go dtí an Nua Shéalainn agus chuaigh sé ag obair sna póilíní ansin. Phós sé agus bhí beirt chlainne aige, John agus Margaret. Bhí an-mheas aige i gcónaí ar Ros Muc agus thug sé fhéin agus a mhac cuairt ar Scrib sna seascaidí. Bhí sé 90 bliain d'aois nuair a bhásaigh sé i 1980.

—Bridie Uí Chinnámha



Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte, péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartaí, marcleabhair, gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraí Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Tigh Mhóráin

Carna & 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick



Cumas Teo

Páirtíocht Chonamara agus Árann


Ionad Fiontair, Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-574353/574038

Facs: 091-574047

Ríomhphost: cumas@eircom.net

Díríonn Cumas teo. a chuid acmhainní agus fuinnimh tré deiseanna forbartha a chruthú do na daoine is mó atá fágtha ar an imeall ionas go mbeidh siad páirteach i sochaí atá cóir, rannpháirteach agus inmharthanach.



Déan teagmháil linn



EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é